COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

Halla na Cathrach, Corcaigh.
Suíomh Gréasáin:
www.corkcity.ie

# TREOIR MAIDIR LE CEADÚNAIS OSCAILTE BÓITHRE

## *1. An bhfuil níos mó ná cineál amháin Ceadúnas Oscailte Bóithre ann?*

**Tá.** Tá dhá chineál Ceadúnas Oscailte Bóithre ann:

1) **T3- Fógra um Oibreacha lena mBaineann Éifeacht Íosta.**
Is Iarratas é seo ar Cheadúnas ar Thochailt Aonair ***níos lú ná 5 mhéadar chearnacha*** i limistéar lena mbaineann éifeacht íosta ar Shreabhadh Tráchta nó Coisithe. Tógann sé 7 lá chun iarratas T3 a phróiseáil.

2) **T1 - Fógra Oibreacha Bóthair**
Is Iarratas é seo ar Cheadúnas ar Thochailt Aonair ***níos mó ná 5 mhéadar chearnacha***. Tógann sé 28 lá chun iarratas T1 a phróiseáil.

## *2. Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Oscailte Bóithre?*

Ní mór duit an fhoirm iarratais chuí a chomhlánú. Is féidir an fhoirm sin a fháil uathu seo a leanas:

a) suíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach Chorcaí: *www.corkcity.ie*
b) An Rannóg Rialaithe Bóithre, Teil: 021 4924330 nó 021 4924073
c) An Deasc Fáiltithe, Halla na Cathrach, Corcaigh.

## *3. Cén doiciméadúchán a theastaíonn uaim chun ceadúnas a fháil?*

a) **Foirm iarratais chomhlánaithe.**
(Ní ghlacfar ach le bunchóip de na Foirmeacha Iarratais - ní ghlacfar le fótachóipeanna)

b) **Táille Iarratais**.
- T1- Táille €210
- T3 - Táille €660 (i gcás bóthair nár cuireadh dromchla nua air le 5 bliana anuas)
- T3 - Táille €1,610 (i gcás bóithre ar cuireadh dromchla nua orthu le déanaí .i. le 5 bliana anuas)

Seolfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí sonrasc chuig iarratasóirí maidir le gach costas breise a thabhaítear nuair a bheidh an obair curtha i gcrích.

c) **Léarscáil.**
I gcás T3 (Fógra um Oibreacha lena mBaineann Éifeacht Íosta) ní mór don iarratasóir **láthair dhíreach** na n-oibreacha beartaithe a aibhsiú ar léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis nó léarscáil cosúil den cheantar. Is féidir le Comhairle Cathrach Chorcaí léarscáileanna den cheantar a chur ar fáil ag an gcuntar poiblí. Ar chúiseanna cóipchirt, ní féidir léarscáileanna arna soláthar ag Comhairle Cathrach Chorcaí a thabhairt amach as Halla na Cathrach.

d) **Árachas.**
Tá dhá ghné a bhaineann leis an riachtanas Árachais mar a leanas:

1. **Slánú**
Beidh ar an Iarratasóir slánú a shíniú a bheidh mar chuid de gach foirm iarratais agus ceadúnas.

**2. Fianaise maidir le Cumhdach Árachais**

Ní mór don Iarratasóir fianaise ar chumhdach d'Árachas Fostóra agus Dliteanais Phoiblí le haghaidh teorainneacha nach lú ná €13 milliún agus €6.5 milliún faoi seach maidir le dliteanas dlí i ngortú coirp nó in éilimh tríú páirtí mar gheall ar dhíobháil maoine a tharlóidh de dhroim na n-oibreacha bóithre / na ngníomhaíochtaí, atá mar ábhar an iarratais seo, go dtí thabhairt chun críche na tréimhse cothabhála nuair is cuí chun sástacht Chomhairle Cathrach Chorcaí. Ní mór polasaí na nIarratasóirí a shíneadh chun Comhairle Cathrach Chorcaí a shlánú do na teorainneacha thuas.

## *4. Cad iad na táillí a d'fhéadfaí a ghearradh orm agus Ceadúnas Oscailte Bóithre á fháil agam?*

**Táille Iarratais:**

*T3- Fógra um Oibreacha lena mBaineann Éifeacht Íosta:*

| | |
|---|---|
| Táille Riaracháin | € 110 |
| Táille as Damáiste Fadtéarmach | € 50 |
| Éarlais | €500 |
| **IOMLÁN** | **€660** |

I gcás ina mbaineann iarratas le bóthar ar cuireadh dromchla nua air le 5 bliana anuas.

| | |
|---|---|
| Táille Riaracháin | € 110 |
| Éarlais | €1,500 |
| **IOMLÁN** | **€1,610** |

*T1 - Fógra Oibreacha Bóthair*

| | |
|---|---|
| Táille Riaracháin | €210 |

**Déanfar measúnú ar chostais bhreise nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích.**

## *5. Cad é an nós imeachta más gá dom bóthar a dhúnadh?*

Má tá gá le Dúnadh Bóithre sealadach beidh ort **foirm R1** - Iarratas ar Dhúnadh Sealadach Bóthair a chomhlánú.

Tá foirmeacha R1 ar fáil ó Shuíomh Gréasáin na Comhairle Cathrach, an Deasc Fáiltithe i Halla na Cathrach nó ón Rannóg Tráchta agus ní mór é a sheoladh ar ais chuig an Rannóg Tráchta.

## *6. Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn an fhoirm iarratais comhlánaithe?*

Is féidir leat na táillí cuí a sheoladh ar ais leis an bhfoirm iarratais / na foirmeacha iarratais comhlánaithe agus an doiciméadúchán ábhartha chuig an Deasc Fáiltithe, Halla na Cathrach nó is féidir leat é a sheoladh sa phost chuig an Rannóg Rialaithe Bóithre, Halla na Cathrach, Corcaigh. Rachaidh an Rannóg Rialaithe Bóithre i dteagmháil leat ansin agus cuirfidh siad in iúl duit ar éirigh le d'iarratas.

## TABHAIR FAOI DEARA:

Beidh an fhreagracht i gcomhair aon chur chun feidhme in athuair go sealadach nó go buan ar an iarratasóir ar feadh tréimhse chothabhála 24 mí ó dháta an chur chun feidhme in athuair go buan.

Ba cheart don iarratasóir iarratas a dhéanamh chuig an Rannóg Rialaithe Bóithre i gComhairle Cathrach Chorcaí ar aisíoc na héarlaise, agus an uimhir cheadúnais chuí a lua, 21 mí ó dháta na Tochailte. Tar éis do Chomhairle Contae Chorcaí cigireacht a dhéanamh agus dearbhú go bhfuil na hoibreacha mar is cóir, seolfar an éarlais ar ais chuig an iarratasóir ar chur i gcrích na tréimhse cothabhála.

**UIMHREACHA TEAGMHÁLA TEILEAFÓIN**

An Rannóg Rialaithe Bóithre, Comhairle Cathrach Chorcaí, Halla na Cathrach, Corcaigh.

Teil: 021 4924330 nó 021 4924073